2026/415

20.2.2026

RIALACHÁN (AE) 2026/415 ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Nollaig 2025

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2533/98 maidir le faisnéis staidrimh a bheith á bailiú ag an mBanc Ceannais Eorpach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 5.4 de,

Ag féachaint don Mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach ([1]),

Ag féachaint don Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa ([2]),

Ag féachaint don Tuairim ón gCoimisiún Eorpach ([3]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 129(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus in Airteagal 41 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is príomhghné den chreat dlíthiúil é Rialachán (CE) Uimh. 2533/98 ón gComhairle ([4]) a thacaíonn le cúraimí bailithe staidrimh an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) le cúnamh ó na bainc cheannais náisiúnta. Bhí BCE ag brath go comhsheasmhach ar an Rialachán sin chun bailiú comhordaithe na faisnéise staidrimh is gá chun tabhairt faoi chúraimí an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) a dhéanamh agus faireachán a dhéanamh air.

(2) Leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 2533/98 roinnt uaireanta chun athbhreithniú a dhéanamh ar raon feidhme na gceanglas tuairiscithe is gá chun cúraimí CEBC a chomhlíonadh agus chun tarchur agus úsáid faisnéise staidrimh, arna bailiú ag CEBC, ag comhaltaí CEBC agus ag údaráis eile atá freagrach as maoirseacht, maoirseacht macrastuamachta agus réiteach macrastuamachta a chumasú.

(3) Leis an gclaochlú digiteach, tugadh isteach deiseanna radacacha nua chun teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú, ní hamháin i ngnólachtaí, ach i soláthar seirbhísí poiblí freisin. Chruthaigh sé timpeallacht gan fasach as ar eascair an gá le staidrimh nua chun go gcomhlíonfaidh CEBC a chúraimí agus d'fhág sé gur féidir sonraí gráinneacha a bhailiú ar bhealach níos éifeachtúla. Thairis sin, leis na forbairtí eacnamaíocha agus airgeadais a tharla le déanaí, ar nós na héigeandála aeráide, phaindéim COVID-19 agus na géarchéime fuinnimh agus costais mhaireachtála a spreag cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, méadaíodh na héilimh agus na hionchais maidir le staidreamh níos tráthúla, níos minice agus níos mionsonraithe a theastaíonn chun tacú le feidhmiú chúraimí CEBC. Ag an am céanna, tá sé tábhachtach cothromaíocht a bhaint amach idir na héilimh agus na hionchais sin agus an gá atá ann an t-ualach a chuirtear ar na gníomhairí tuairiscithe a choinneáil chomh híseal agus is féidir, ós rud é gur coinníollacha riachtanacha iad an t-iomaíochas agus an táirgiúlacht chun go mbeidh rath ar ghnólachtaí. Ar an gcúis sin, tá sé tábhachtach an creat dlíthiúil a oiriúnú chun tacú le 'prionsabal na haonuaire' i ndáil le tuairisciú staidrimh agus rialála nuair is féidir, chun a áirithiú nach mbeidh ar ghníomhairí tuairiscithe na sonraí céanna a thuairisciú níos mó ná uair amháin. Ba cheart do na hoiriúnuithe sin aird a thabhairt ar neamhspleáchas BCE agus ar na prionsabail staidrimh a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 2533/98. Ionas nach mbeidh an gá ar roinnt údarás agus comhlachtaí de chuid an Aontais nó de chuid na mBallstát an fhaisnéis staidrimh chéanna a bhailiú, ba cheart an fhaisnéis staidrimh a chomhroinnt idir comhaltaí CEBC agus comhaltaí CEBC le comhaltaí an Chórais Staidrimh Eorpaigh (CSE) agus le páirtithe ábhartha eile in imthosca dea-shainithe, gan beann ar an gcomhalta CEBC a bhailigh an fhaisnéis staidrimh.

([1]) IO C 3224, 17.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3224/oj.
([2]) Tuairim an 26 Samhain 2025 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([3]) IO C, C/2025/6326, 19.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/6326/oj.
([4]) Rialachán (CE) Uimh. 2533/98 ón gComhairle an 23 Samhain 1998 maidir le bailiú faisnéise staidrimh ag an mBanc Ceannais Eorpach (IO L 318, 27.11.1998, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1998/2533/oj).

(4) Chun na réaltachtaí reatha agus an timpeallacht dhigiteach ina bhfeidhmíonn CEBC a léiriú, ba cheart sainmhínithe nua nó nuashonraithe a thabhairt isteach i Rialachán (CE) Uimh. 2533/98 chun na coincheapa 'comhroinnt', 'páirtí dlisteanach eile' agus 'croíshonraí tagartha' a shoiléiriú. Ba cheart roinnt sainmhínithe eile a thabhairt cothrom le dáta chun comhsheasmhacht le dlí an Aontais a áirithiú.

(5) Tá daonra tuairiscithe aonchineálach riachtanach chun clár comhardaithe comhdhlúite earnáil institiúidí airgeadais airgeadaíochta (IAAnna) na mBallstát rannpháirteach a tháirgeadh, a thugann léargas staidrimh cuimsitheach ar fhorbairtí airgeadaíochta sna Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu, a mheastar mar chríoch eacnamaíoch amháin. Ar an gcúis sin, tá liosta IAAnna bunaithe agus á choinneáil ar bun ag BCE chun críoch staidrimh bunaithe ar shainmhíniú coiteann, lena sonraítear go n-áiríonn IAAnna institiúidí creidmheasa mar a shainmhínítear i ndlí an Aontais. Ba cheart a shoiléiriú, dá bhrí sin, fiú sna cásanna eisceachtúla ina bhfuil institiúid creidmheasa, mar a shainmhínítear i ndlí an Aontais í, aicmithe lasmuigh den earnáil 'corparáidí airgeadais (S.12)' sa chóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach 2010, go dtagann sí faoi theorainneacha an daonra tuairiscithe tagartha óna bhfuil sé de cheart ag comhaltaí CEBC faisnéis staidrimh a bhailiú. Tá bailiú na faisnéise sin riachtanach chun go gcuirfidh BCE íoscheanglais chúlchiste i bhfeidhm maidir le hinstitiúidí creidmheasa chun críocha beartais airgeadaíochta i gcomhréir le hAirteagal 19 de Reacht CEBC agus BCE agus Rialachán (AE) 2021/378 ón mBanc Ceannais Eorpach ([5]). I gcás ina ndéantar aon institiúid nó gnóthais airgeadais eile atá faoi réir maoirseacht stuamachta a aicmiú lasmuigh d'earnáil na 'gcorparáidí airgeadais', níor cheart dochar a dhéanamh do cheart chomhaltaí CEBC faisnéis staidrimh a bhailiú ina leith.

(6) Thairis sin, chun ailíniú le prionsabail staidrimh na costéifeachtúlachta agus íoslaghdú an ualaigh tuairiscithe, ba cheart an ceart a bheith ag BCE freisin faisnéis staidrimh a bhailiú ó ghníomhairí tuairiscithe maidir lena n-eintitis rialaithe agus maidir le brainsí, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil cónaí ar an mbrainse i dtír eile. Leis an bhféidearthacht sin, chuirfí ar chumas BCE prionsabal na haonuaire a chur chun feidhme go héifeachtach ina thuairisciú staidrimh, agus ar an gcaoi sin deireadh a chur le ceanglais tuairiscithe dhúblacha. D'fhágfadh sé freisin go bhféadfaí an cur chuige maidir le tuairisciú staidrimh a ailíniú níos dlúithe leis an 'gcur chuige baile' maidir le tuairisciú rialála maoirseachta ar ghníomhaíochtaí brainse. Bheadh níos mó solúbthachta ag BCE freisin cineálacha éagsúla cur chuige a ghlacadh maidir le méid an chomhdhlúthaithe i dtuairisciú staidrimh.

(7) Chun críocha a chúraimí bailithe staidrimh, ceanglaítear ar BCE comhoibriú le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais agus le húdaráis inniúla na mBallstát. Chun an dlúthchomhar sin a léiriú, nuair a bheidh ceanglais tuairiscithe á leagan síos agus á bhforchur chun an fhaisnéis staidrimh is gá a bhailiú chun tabhairt faoi chúraimí CEBC, ba cheart do BCE úsáid fhéideartha na faisnéise sin a chur san áireamh chun cúraimí a chomhlíonadh maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, chomh maith leis an bhfaisnéis ó institiúidí, comhlachtaí, oifigí, nó gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais nó údaráis inniúla de chuid na mBallstát a bhfuil ceart rochtana ag comhaltaí CEBC orthu. Tá gá leis an gceanglas sin chun an úsáid is mó is féidir a bhaint as an bhfaisnéis atá ann cheana agus chun an t-ualach ar ghníomhairí tuairiscithe a íoslaghdú.

(8) Na teorainneacha laistigh de BCE agus na coinníollacha faoina bhfuil BCE i dteideal smachtbhannaí a fhorchur ar ghníomhairí tuairiscithe mar gheall ar mhainneachtain na hoibleagáidí a eascraíonn as Rialachán (CE) Uimh. 2533/98 nó as na hoibleagáidí a leagtar síos i rialacháin agus i gcinntí BCE lena bhforchuirtear ceanglais tuairiscithe staidrimh a chomhlíonadh, ba cheart iad a thabhairt cothrom le dáta chun a áirithiú go mbeidh éifeacht dhíspreagthach leordhóthanach ag smachtbhannaí. Thairis sin, ba cheart uasmhéid na smachtbhannaí a fhéadfaidh BCE a fhorchur ar ghníomhaire tuairiscithe as mainneachtain oibleagáidí lena bhforchuirtear ceanglais tuairiscithe staidrimh a chomhlíonadh a ailíniú go suntasach leis na huasmhéideanna a fhéadfar a fhorchur as mainneachtain oibleagáidí neamhstaidrimh eile arna bhforchur ag BCE a chomhlíonadh.

([5]) Rialachán (AE) 2021/378 ón mBanc Ceannais Eorpach an 22 Eanáir 2021 maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas maidir le cúlchistí íosta (BCE/2021/1) (IO L 73, 3.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/378/oj).

(9) Ní foláir faisnéis staidrimh rúnda a fhaigheann BCE agus na bainc cheannais náisiúnta chun cúraimí CEBC a chomhlíonadh a chosaint ionas nach n-úsáidfear ná nach nochtfar go neamhdhleathach í. Mar sin féin, ba cheart an córas rúndachta a bhfuil feidhme aige maidir le faisnéis staidrimh rúnda arna bailiú ag CEBC a athbhreithniú agus a shoiléiriú chun a áirithiú go n-úsáidfidh BCE agus na bainc cheannais náisiúnta faisnéis staidrimh rúnda agus go roinnfidh siad lena chéile í chun cúraimí CEBC dá dtagraítear sa Chonradh a chomhlíonadh, mar shampla chun staidreamh a fhorbairt, a tháirgeadh nó a scaipeadh go héifeachtúil nó chun a gcáilíocht a mhéadú. Tá an t-athbhreithniú sin riachtanach chun a áirithiú go bhféadfaidh BCE an fhaisnéis a bhailiú le cúnamh ó na bainc cheannais náisiúnta i gcomhréir le 'prionsabal na haonuaire'. Thairis sin, chun an gá atá le ceanglais dhúblacha maidir le tuairisciú staidrimh agus rialála a laghdú agus chun comhar a éascú i measc údaráis agus chomhlachtaí an Aontais agus na mBallstát agus chun ualaí riaracháin neamhriachtanacha a laghdú, ba cheart oibleagáid a bheith ar chomhaltaí CEBC faisnéis staidrimh rúnda a chomhroinnt le húdaráis agus comhlachtaí áirithe le haghaidh fheidhmiú a gcúraimí a bhaineann le maoirseacht nó le cobhsaíocht agus éifeachtacht an chórais airgeadais, lena n-áirítear sláine an mhargaidh agus cosaint infheisteoirí, agus le húdaráis CSE. Ba cheart an tsolúbthacht a bheith ag comhaltaí CEBC faisnéis staidrimh rúnda a chomhroinnt le húdaráis agus comhaltaí eile de chuid an Aontais agus na mBallstát nó le taighdeoirí atá cleamhnaithe le comhlachtaí taighde eolaíochta in imthosca sonraithe. Ba cheart é a bheith indéanta freisin tacar sonrach laghdaithe d'fhaisnéis staidrimh rúnda a le gníomhairí tuairiscithe, i gcás inar gá chun críocha staidrimh áirithe nó i gcás ina mbeidh na foinsí ar fáil don ghníomhaire tuairiscithe, mar shampla, nuair a thuairiscíonn eintiteas atá faoi rialú an ghníomhaire tuairiscithe nó a bhrainsí an fhaisnéis sin. Beidh na féidearthachtaí maidir le comhroinnt sonraí faoin gcóras rúndachta athbhreithnithe neamhspleách ar an gcomhalta CEBC a bhailíonn an fhaisnéis staidrimh. Chun muinín na ngníomhairí tuairiscithe a choinneáil, ba cheart socruithe comhsheasmhacha a bheith ann chun faisnéis staidrimh rúnda a chosaint agus ba cheart trédhearcacht fheabhsaithe a bheith ann maidir leis na húsáidí a d'fhéadfaí a bhaint as faisnéis staidrimh. Leis an gcomhroinnt sonraí sin, ba cheart aon fhaisnéis staidrimh rúnda a fuarthas ar dtús ó údarás CSE a eisiamh.

(10) Ba cheart do chomhaltaí CEBC leanúint de bheith freagrach as úsáid agus cosaint na faisnéise staidrimh rúnda arna bailiú ag comhaltaí CEBC. Dá bhrí sin, tá gá le rialachas iomchuí chun í a tharchur tuilleadh chuig tríú páirtithe. Dá bhrí sin, chun faisnéis staidrimh rúnda a tharchur ó aon pháirtí is faighteoir chuig tríú páirtithe, ba cheart gá a bheith le húdarú a fháil ón gcomhalta CEBC a chomhroinn an fhaisnéis. Is féidir údarú sainráite an chomhalta CEBC a dheonú uair amháin agus ar an mbealach is ginearálta is féidir do chatagóirí ábhartha faisnéise, agus ar an gcaoi sin seachnófar nósanna imeachta riaracháin nach bhfuil gá leo agus cuntasacht chomhaltaí CEBC á coinneáil ag an am céanna.

(11) De bhun Threoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/138 ón gCoimisiún ([7]), áirítear faisnéis faoi chuideachtaí agus úinéireacht cuideachtaí sa liosta de thacair sonraí ardluacha. Áirithítear leis sin go gcuirfear sonraí poiblí ag a bhfuil an acmhainneacht shocheacnamaíoch is airde ar fáil lena n-athúsáid gan ach srian dlíthiúil agus teicniúil íosta agus saor in aisce. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 2533/98 a oiriúnú chun infhaighteacht sonraí den sórt sin maidir le cuideachtaí agus a n-ardluach chun críocha staidrimh agus feidhmeanna eile CEBC a léiriú. De bhreis ar na sonraí poiblí sin agus i gcomhréir le prionsabail na costéifeachtúlachta, íoslaghdú an ualaigh tuairiscithe agus ardcháilíocht aschuir, ba cheart do chomhaltaí CEBC a bheith in ann croíshonraí tagartha ina bhfuil saintréithe sonracha maidir le daoine dlítheanacha, brainsí agus aonaid institiúideacha a chomhroinnt. Ba cheart, dá bhrí sin, na coinníollacha faoinar cheart é a bheith indéanta úsáid a bhaint as croíshonraí tagartha arna mbailiú ag comhaltaí CEBC chun críocha staidrimh agus chun críocha eile a shonrú.

(12) Déanann CEBC agus CSE araon staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh faoi chreataí dlíthiúla ar leithligh a léiríonn a struchtúir rialachais faoi seach. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go gcuirtear san áireamh i Rialachán (CE) Uimh. 2533/98 leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]) agus go bhfuil feidhm aige gan dochar don Rialachán sin.

([6]) Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/138 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2022 lena leagtar síos liosta de thacair sonraí shonracha ardluacha agus na socruithe maidir lena bhfoilsiú agus lena n-athúsáid (IO L 19, 20.1.2023, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/138/oj).

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/223/oj).

(13) I gcás ina bhfuil próiseáil sonraí pearsanta chun críocha oifigiúla staidrimh i gceist leis na gníomhaíochtaí atá le déanamh faoi Rialachán (CE) Uimh. 2533/98, ba cheart go gcomhlíonfadh an phróiseáil sin dlí ábhartha an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta, is é sin Rialacháin (AE) 2016/679 ([9]) agus (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]). I gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach sna Rialacháin sin, ba cheart an phróiseáil sin a bheith faoi réir coimircí iomchuí maidir le cearta agus saoirsí an ábhair sonraí. Leis na coimircí sin, áiritheofar go mbeidh bearta teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm go háirithe chun a áirithiú go ndéanfar prionsabal an íoslaghdaithe sonraí a urramú. Is féidir a áireamh ar na bearta sin ainm bréige a chur i bhfeidhm.

(14) Chun Rialachán (CE) Uimh. 2533/98 a choimeád mar ionstraim éifeachtach do BCE chun cúraimí CEBC maidir le bailiú faisnéise staidrimh a dhéanamh, is gá an úsáid is mó is féidir a bhaint as an bhfaisnéis atá ann cheana, as sonraí riaracháin, as cláir staidrimh agus as foinsí eile atá ar fáil. Ós rud é gur cheart úsáid staidrimh ilfhoinsí a spreagadh tuilleadh, agus staidreamh á fhorbairt nó á tháirgeadh ar bhonn foinsí éagsúla sonraí, ba cheart feidhm a bheith ag creat comhchuibhithe maidir le húsáid agus comhroinnt na faisnéise sin.

(15) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 2533/98 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2533/98 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo in ionad phointe (4):

'(4) ciallóidh "cónaitheach" agus "a bhfuil cónaí air/uirthi/orthu" lárionad príomhleasa eacnamaíoch a bheith ar chríoch eacnamaíoch tíre mar a thuairiscítear i gCaibidil 1, míreanna 1.61 agus 2.07, d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) lena mbunaítear córas Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach 2010 (dá ngairfear "CCE 2010" anseo feasta); sa chomhthéacs sin, ciallóidh "suíomhanna trasteorann" agus "idirbhearta trasteorann", faoi seach, suíomhanna agus idirbhearta i sócmhainní agus/nó dliteanais cónaitheoirí Ballstát rannpháirteach a mheastar a bheith ina gcríoch eacnamaíoch amháin i leith cónaitheoirí Ballstát neamh-rannpháirteach agus/nó cónaitheoirí tríú tíortha;

(*) Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach (IO L 174, 26.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/549/oj).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (6):

'(6) ciallóidh "ríomh-airgead" luach airgeadaíochta a stóráiltear go leictreonach, lena n-áirítear go maighnéadach, arna léiriú le héileamh ar an eisitheoir a eisítear nuair a fhaightear cistí chun idirbhearta íocaíochta a dhéanamh agus a nglacann daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile seachas an t-eisitheoir leis;';

(c) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

'(13) ciallóidh "comhroinnt" i ndáil le faisnéis faisnéis a chur ar fáil do pháirtí eile, nó a cheadú do pháirtí eile í a úsáid, ar bhonn an dlí is infheidhme maidir leis an bpáirtí a chomhroinneann an fhaisnéis nó a fhaigheann í, nó arna chur i bhfeidhm ag an bpáirtí sin, nó chun na gcríoch a cheadaítear leis an dlí sin;

([9]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([10]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

(14) ciallóidh "páirtí dlisteanach eile": an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS), arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1])*; údarás inniúil Ballstáit rannpháirtigh den Sásra Maoirseachta Aonair mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (9), de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle ([2])*; Údarás Maoirseachta Eorpach, arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3])*, Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4])* nó Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5])*, agus an t-údarás inniúil faoi seach mar a shainmhínítear é sna Rialacháin sin; nó an Bord Réitigh Aonair, a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6])*, agus an t-údarás réitigh náisiúnta mar a shainmhínítear sa Rialachán sin;

(15) ciallóidh "croíshonraí tagartha" na saintréithe aitheantais agus aicmiúcháin seo a leanas le haghaidh daoine dlítheanacha, brainsí nó aonaid institiúideacha, i gcás inarb infheidhme: ainm an duine dhlítheanaigh, an bhrainse nó an aonaid institiúidigh, stádas, clárúchán nó bundáta, seoladh, foirm dhlíthiúil, cláruimhir agus uimhreacha aitheantais eile, an Ballstát ina bhfuil an duine dlítheanach, brainse nó aonad institiúideach cláraithe nó cónaitheach, an ghníomhaíocht nó na gníomhaíochtaí is cuspóirí don dhuine dlítheanach, don bhrainse nó don aonad institiúideach, ar nós cód NACE nó aicmiúchán náisiúnta a dhíorthaítear uaidh i gcomhréir le haicmiúchán staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas (NACE) a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7])*, agus aicmiú earnála CCE 2010.

([1])* Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (IO L 331, 15.12.2010, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1092/oj).

([2])* Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1024/oj.

([3])* Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch: 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj.

([4])* Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch: 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1094/oj.

([5])* Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj.

([6])* Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 225, 30.7.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/806/oj).

([7])* Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).';

(2) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh na gníomhairí tuairiscithe seo a leanas sa phobal tuairiscithe tagartha:

(a) daoine dlítheanacha agus nádúrtha a bhfuil cónaí orthu i mBallstát agus a thagann faoin earnáil "corparáidí airgeadais (S.12)" mar a shainmhínítear in CCE 2010;

(b) institiúidí gióró postoifige atá lonnaithe i mBallstát;

(c) daoine dlítheanacha agus nádúrtha a bhfuil cónaí orthu i mBallstát, sa mhéid go bhfuil suíomhanna trasteorann acu nó go bhfuil idirbhearta trasteorann déanta acu;

(d) daoine dlítheanacha agus nádúrtha a bhfuil cónaí orthu i mBallstát, a mhéid atá urrúis nó ríomh-airgead eisithe acu;

(e) daoine dlítheanacha agus nádúrtha a bhfuil cónaí orthu i mBallstát rannpháirteach, a mhéid atá riochtaí airgeadais acu i leith cónaitheoirí Ballstát rannpháirteach eile nó a mhéid atá idirbhearta airgeadais déanta acu le cónaitheoirí Ballstát rannpháirteach eile;

(f) institiúidí agus gnóthais airgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointí (1) go (7), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), atá lonnaithe i mBallstát rannpháirteach agus nach dtagann faoin earnáil "corparáidí airgeadais (S.12)" mar a shainmhínítear in CCE 2010.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Beidh sé de cheart ag BCE faisnéis staidrimh a bhailiú ó ghníomhaire tuairiscithe a thagann faoi raon feidhme an daonra tuairiscithe tagartha mar a shonraítear i mír 2 nó 3 maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) daoine dlítheanacha, bailiúcháin daoine nádúrtha, nó eintitis atá á rialú ag na gníomhairí tuairiscithe (dá ngairtear "eintitis rialaithe" anseo feasta); nó

(b) aon cheann de bhrainsí an ghníomhaire tuairisceoireachta, gan beann ar an áit a bhfuil siad lonnaithe.

Sonróidh BCE an bealach ina ndéanfar an fhaisnéis dá dtagraitear sa chéad fhomhír a thuairisciú, lena n-áirítear an comhdhlúthú agus na prionsabail glanluachála a bheidh le cur i bhfeidhm.

Chun críocha phointí (a) agus (b), ní gníomhairí tuairisceoireachta as a gceart féin a bheidh sna heintitis nó brainsí rialaithe.';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

'*Airteagal 3*

Módúlachtaí chun ceanglais tuairiscithe staidrimh a shainmhíniú

Agus a riachtanais tuairiscithe staidrimh á leagan síos agus á bhforchur aige, sonróidh BCE an daonra tuairiscithe iarbhír laistigh de theorainneacha an daonra tuairiscithe tagartha mar atá sé sainithe in Airteagal 2. Gan dochar do chomhlíonadh a cheanglas tuairiscithe staidrimh, déanfaidh BCE an méid seo a leanas:

(a) an staidreamh atá ann cheana a úsáid a mhéid is féidir;

(b) cuirfidh siad san áireamh na caighdeáin ábhartha staidrimh Eorpacha agus idirnáisiúnta;

(c) féadfaidh sé aicmí sonracha de ghníomhairí tuairiscithe a dhíolmhú go hiomlán nó go páirteach óna cheanglais tuairiscithe staidrimh; agus

(d) féadfaidh sé úsáid fhéideartha na faisnéise staidrimh a chur san áireamh chun cúraimí a chomhlíonadh a bhaineann le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, gan dochar d'inniúlacht an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 sa réimse sin.

Sula nglacfaidh sé rialachán dá dtagraítear in Airteagal 5 maidir le staidreamh nua, déanfaidh BCE measúnú ar fhiúntas agus ar chostais bhailiú na faisnéise staidrimh nua i dtrácht. Cuirfidh BCE san áireamh, go háirithe, na saintréithe sonracha bailithe, méid an daonra tuairiscithe, tréimhsiúlacht na tuairiscithe, agus an fhaisnéis atá i seilbh cheana féin ag údaráis agus riaracháin staidrimh, ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí eile an Aontais nó ag údaráis inniúla na mBallstát a bhfuil ceart rochtana ag comhaltaí CEBC orthu.';

(4) leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Measfar gur sáraíodh an oibleagáid faisnéis staidrimh a thuairisciú do BCE nó do na bainc cheannais náisiúnta más rud é:

(a) ní fhaigheann BCE ná banc ceannais náisiúnta aon fhaisnéis staidrimh faoin spriocdháta atá leagtha síos;

(b) go bhfuil an fhaisnéis staidrimh mícheart, neamhiomlán nó i bhfoirm nach gcomhlíonann na ceanglais; nó

(c) ní chomhlíonann an fhaisnéis staidrimh na híoschaighdeáin de réir mar a shonraítear i rialacháin nó i gcinntí BCE iad, ar íoschaighdeáin iad a bhaineann le ceanglais tuairiscithe staidrimh seachas na ceanglais a leagtar síos i bpointe (a) nó (b).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Féadfaidh BCE smachtbhannaí a fhorchur ar ghníomhaire tuairisceoireachta mar a leanas:

(a) i gcás sárú faoi mhír 2, pointe (a), íocaíocht phionósach laethúil nach mó ná EUR 30 000, agus an méid iomlán nach mó ná EUR 500 000;

(b) i gcás sárú faoi mhír 2, pointe (b) nó (c), nó faoi mhír 3, fíneáil nach mó ná EUR 500 000.';

(5) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 7a*

Comhroinnt sonraí neamhrúnda ó CEBC go CSE

Gan dochar d'Airteagal 2a, déanfaidh comhalta CEBC sonraí neamhrúnda, lena n-áirítear sonraí arna gcur ar fáil ag sealbhóirí sonraí príobháideacha, a chomhroinnt le CSE arna iarraidh sin, má tá na sonraí arna n-iarraidh riachtanach agus ar fáil i bhfoirm chomhiomlán, i réimsí freagrachta comhroinnte nó leasa choitinn agus má tá gá leo chun cúraimí an údaráis iarrthaigh CSE a chomhlíonadh.';

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

'*Airteagal 8*

Faisnéis staidrimh rúnda arna bailiú ag CEBC a chosaint, a úsáid agus a chomhroinnt

1. Beidh feidhm ag na rialacha a leagtar amach san Airteagal seo chun cosc a chur ar úsáid neamhdhleathach agus nochtadh neamhdhleathach faisnéise staidrimh rúnda a sholáthraíonn an gníomhaire tuairiscithe nó duine dlítheanach nó nádúrtha eile, eintiteas nó brainse do chomhalta CEBC nó a chomhroinntear laistigh de CEBC.

2. Úsáidfidh comhaltaí CEBC faisnéis staidrimh rúnda agus comhroinnfidh siad lena chéile í chun cúraimí CEBC a chomhlíonadh, lena n-áirítear chun staidreamh a fhorbairt, a tháirgeadh nó a scaipeadh nó chun a gcáilíocht a mhéadú.

3. De bhreis ar an oibleagáid a leagtar síos i mír 2, déanfaidh comhaltaí CEBC an méid seo a leanas:

(a) féadfaidh siad faisnéis staidrimh rúnda a úsáid chun a gcúraimí maidir le maoirseacht stuamachta a chomhlíonadh;

(b) comhroinnfidh siad faisnéis staidrimh rúnda le páirtithe dlisteanacha eile chun a gcúraimí a bhaineann le cobhsaíocht agus éifeachtacht an chórais airgeadais nó le maoirseacht a dhéanamh air; lena n-áirítear sláine an mhargaidh agus cosaint infheisteoirí.

(c) féadfaidh siad faisnéis staidrimh rúnda a chomhroinnt leis an Sásra Cobhsaíochta Eorpach (SCE) agus le húdaráis nó le comhlachtaí de chuid an Aontais nó na mBallstát nach páirtithe dlisteanacha eile iad agus mar a leanas:

(i) le SCE agus le húdaráis nó na comhlachtaí sin freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar institiúidí airgeadais, ar mhargaí airgeadais agus ar bhonneagair airgeadais nó as cobhsaíocht an chórais airgeadais i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta, a mhéid is gá agus ar leibhéal an mhionsonraithe is gá chun a gcúraimí reachtúla faoi seach a chomhlíonadh;

(ii) le húdaráis nó le comhlachtaí a bhfuil ceart dlíthiúil nó teidlíocht dhlíthiúil acu an fhaisnéis staidrimh rúnda sin a bhailiú chun a gcúraimí reachtúla faoi seach a chomhlíonadh, a mhéid is gá agus ar leibhéal an mhionsonraithe is gá ionas nach mbaileofar an fhaisnéis sin faoi dhó ón ngníomhaire tuairiscithe céanna;

(d) comhroinnfidh siad faisnéis staidrimh rúnda le húdaráis CSE i gcomhréir le hAirteagal 8a(1) agus (2);

(e) rochtain a dheonú do thaighdeoirí atá cleamhnaithe le comhlachtaí taighde eolaíochta ar fhaisnéis rúnda staidrimh nach gceadaíonn gníomhaire tuairiscithe, nó duine dlítheanach nó nádúrtha eile, eintiteas nó brainse a shainaithint go díreach;

(f) i gcás gur bainc cheannais náisiúnta iad, féadfaidh siad faisnéis staidrimh rúnda a úsáid agus a chomhroinnt chun feidhmeanna na mbanc ceannais náisiúnta a chomhlíonadh seachas na feidhmeanna sin a shonraítear sa Reacht, i gcomhréir le hAirteagal 14.4 den Reacht;

(g) faisnéis staidrimh rúnda a úsáid nó a chomhroinnt chun críoch eile, má thoiligh an gníomhaire tuairiscithe nó duine dlítheanach nó nádúrtha eile, eintiteas nó brainse is féidir a shainaithint go sainráite leis an úsáid sin nó leis an gcomhroinnt sin.

4. Sna himthosca a leagtar amach i mír 3, pointí (a) go (f), ní dhéanfar faisnéis staidrimh rúnda a úsáid ná a chomhroinnt chun críoch tráchtála nó cánach ná chun críoch imeachtaí dlíthiúla, cé is moite de na cásanna seo a leanas:

(a) imeachtaí a bhaineann le mainneachtain oibleagáid a chomhlíonadh a eascraíonn as rialacháin nó cinntí BCE, lena n-áirítear iad siúd lena leagtar síos agus lena bhforchuirtear ceanglais tuairiscithe staidrimh; nó

(b) i gcás ina ndéantar faisnéis staidrimh rúnda arna bailiú ag banc ceannais náisiúnta a úsáid nó a chomhroinnt chun na gcríoch sin chun feidhmeanna seachas na feidhmeanna sin a shonraítear sa Reacht a chomhlíonadh, i gcomhréir le hAirteagal 14.4 den Reacht.

5. Féadfaidh BCE a chinneadh faisnéis rúnda a bhailiú a bailíodh ar dtús chun críocha seachas críocha Airteagal 5 den Reacht, a mhéid is gá agus ar leibhéal an mhionsonraithe is gá chun staidreamh a fhorbairt nó a tháirgeadh go héifeachtúil nó chun a gcáilíocht a mhéadú, agus i gcás inar gá an staidreamh sin chun cúraimí CEBC a leagtar síos sa Chonradh a chomhlíonadh. A luaithe a bheidh an fhaisnéis rúnda sin comhtháite le faisnéis staidrimh, beidh sí faoi réir na rialacha céanna a bhfuil feidhm acu maidir le faisnéis staidrimh rúnda.

6. Féadfaidh comhaltaí CEBC faisnéis staidrimh rúnda a chomhroinnt le gníomhaire tuairiscithe sna himthosca seo a leanas:

(a) i gcás inar croíshonraí tagartha amháin í an fhaisnéis staidrimh rúnda agus ina n-úsáideann an gníomhaire tuairiscithe na croíshonraí tagartha sin chun iad seo a leanas a shainaithint agus a aicmiú:

(i) an gníomhaire tuairiscithe;

(ii) daoine dlítheanacha, eintitis nó brainsí atá cleamhnaithe leis an ngníomhaire tuairiscithe; nó

(iii) na contrapháirtithe in idirbhearta leis an ngníomhaire tuairiscithe;

(b) i gcás ina dtógtar an fhaisnéis staidrimh rúnda ó fhoinsí atá ar fáil don ghníomhaire tuairisceoireachta, ar choinníoll go bhfuil gá le comhroinnt na faisnéise sin chun staidreamh a fhorbairt, a tháirgeadh nó a scaipeadh go héifeachtúil nó chun a gcáilíocht a mhéadú, nó chun cúraimí CEBC a chomhlíonadh nó cúraimí a bhaineann le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa.

Féadfar na croíshonraí dá dtagraítear i bpointe (a) a chomhroinnt le gníomhaire tuairiscithe ar choinníoll go bhfuil comhroinnt na faisnéise sin riachtanach chun Staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh nó a scaipeadh go héifeachtúil nó chun a gcáilíocht a mhéadú.

7. Glacfaidh comhaltaí CEBC gach beart rialála, riaracháin, teicniúil agus eagraíochtúil is gá chun cosaint fhisiceach agus loighciúil na faisnéise staidrimh rúnda a áirithiú. Déanfaidh BCE comhrialacha a leagan síos agus caighdeáin íosta a chur chun feidhme chun nochtadh neamhdhleathach agus úsáid neamhúdaraithe faisnéise staidrimh rúnda a chosc. Glacfaidh na Ballstáit agus BCE gach beart is gá chun cosaint faisnéise staidrimh rúnda a áirithiú, lena n-áirítear forchur na mbeart forfheidhmiúcháin iomchuí i gcás sáraithe.

8. Aon pháirtí a fhaigheann faisnéis staidrimh rúnda:

(a) déanfaidh sé gach beart rialála, riaracháin, teicniúil agus eagraíochtúil is gá chun cosaint fhisiceach agus loighciúil faisnéise staidrimh rúnda a áirithiú i gcomhréir leis na rialacha comhchoiteanna agus na caighdeáin íosta arna leagan síos ag BCE; agus

(b) féadfaidh sé an fhaisnéis staidrimh rúnda a tharchur a thuilleadh ar choinníoll gur gá sin chun a chúraimí reachtúla a chomhlíonadh agus le húdarú sainráite an chomhalta CEBC a chomhroinn an fhaisnéis; ní bheidh an t-údarú sin ag teastáil chun tarchur breise a dhéanamh ó chomhaltaí SCE chuig parlaimintí náisiúnta a mhéid a cheanglaítear faoin dlí náisiúnta, ar choinníoll go ndeachaigh an comhalta SCE i gcomhairle leis an gcomhalta ábhartha CEBC sula ndearnadh an tarchur agus go ndearna Ballstát na parlaiminte náisiúnta a fhaigheann an fhaisnéis staidrimh rúnda ón gcomhalta SCE na bearta a shonraítear i bpointe (a).

9. Cuirfear gníomhairí tuairiscithe ar an eolas maidir leis na húsáidí a d'fhéadfaí a bhaint as faisnéis staidrimh arna soláthar acu. Chuige sin, foilseoidh comhaltaí CEBC faisnéis maidir le húsáid faisnéise staidrimh chun críocha staidrimh, nó chun cúraimí CEBC a chomhlíonadh nó cúraimí a dhéanamh a bhaineann le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, agus faisnéis faoi aon imthosca eile ina n-úsáidtear nó ina gcomhroinntear faisnéis staidrimh rúnda i gcomhréir le mír 3. Beidh sé de cheart ag gníomhairí tuairiscithe faisnéis a iarraidh maidir leis an mbunús dlí chun an fhaisnéis a chomhroinnt agus maidir leis na bearta cosanta a glacadh.

10. Ní mheasfar gur faisnéis rúnda í faisnéis staidrimh atá ar fáil go dleathach don phobal agus a leanann de bheith ar fáil don phobal de bhun dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta. Áireofar ar na sonraí sin go háirithe sonraí maidir le príomh-shaintréithe cuideachtaí aonair mar a liostaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/138 ón gCoimisiún (*).

11. Beidh feidhm ag an Airteagal seo gan dochar d'fhorálacha sonracha de dhlí an Aontais nó den dlí náisiúnta a bhaineann le faisnéis seachas faisnéis staidrimh rúnda a tharchur chuig BCE nó a chomhroinnt leis.

12. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le faisnéis staidrimh rúnda a tarchuireadh ar dtús idir údarás CSE agus comhalta CEBC.

13. Ní choiscfidh an tAirteagal seo faisnéis staidrimh rúnda arna bailiú ag comhalta CEBC chun críocha seachas ceanglais tuairiscithe staidrimh BCE a chomhlíonadh, nó sa bhreis ar na críocha sin, a úsáid chun na críocha eile sin a chomhlíonadh.

14. Ní chuirfidh an tAirteagal seo cosc ar chomhaltaí CEBC rochtain a thabhairt ar fhaisnéis rúnda staidrimh do sholáthraithe seirbhíse chun seirbhísí ar conradh a sholáthar lena dtacaítear le comhlíonadh na gcúraimí a bhféadfar an fhaisnéis sin a úsáid agus a chomhroinnt ina leith de bhun an Rialacháin seo, agus chun na críche sin amháin.

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/138 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2022 lena leagtar síos liosta de thacair sonraí shonracha ardluacha agus na socruithe maidir lena bhfoilsiú agus lena n-athúsáid (IO L 19, 20.1.2023, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/138/oj).';

(7) leasaítear Airteagal 8a mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Ceadófar tarchur faisnéise staidrimh rúnda ó chomhalta CEBC go húdarás CSE ar choinníoll go bhfuil gá leis an tarchur sin chun Staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh nó a scaipeadh go héifeachtúil nó chun cáilíocht an Staidrimh Eorpaigh a mhéadú faoi inniúlacht CEBC agus CSE faoi seach agus go bhfuil údar maith leis an ngá sin.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Maidir le faisnéis staidrimh a fhaigheann comhaltaí CEBC ó údaráis CSE agus a fuarthas ó shonraí atá ar fáil go dleathach don phobal agus a fhanann ar fáil don phobal i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta, ní mheasfar gur faisnéis rúnda í chun críocha scaipeadh an staidrimh a fuarthas ón bhfaisnéis staidrimh sin.';

(8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8c:

'*Airteagal 8c*

Faisnéis rúnda faoi dhaoine aonair a chosaint

Beidh feidhm ag an Rialachán seo gan dochar do Rialacháin (AE) 2016/679 (*) agus (AE) 2018/1725 (**) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).';

(**) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).';

(9) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8d:

'*Airteagal 8d*

Rochtain ar shonraí riaracháin

Chun an t-ualach ar fhreagróirí a laghdú, ceadófar do na bainc cheannais náisiúnta agus do BCE rochtain a fháil ar shonraí riaracháin ó fhoinsí ábhartha, iad a úsáid agus a chomhtháthú, saor in aisce, laistigh dá gcórais riaracháin phoiblí faoi seach, ar bhealach tráthúil agus le minicíocht agus gráinneacht leordhóthanach chun Staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh.

I gcás inar gá, is iad gach Ballstát agus an Banc Ceannais Eorpach, faoina réimsí inniúlachta faoi seach, a chinnfidh na socruithe praiticiúla agus na coinníollacha maidir le rochtain éifeachtach a bhaint amach.

A luaithe a bheidh siad comhtháite le faisnéis staidrimh, úsáidfear agus comhroinnfear na haschuir staidrimh is toradh, arna bailiú de bhun Airteagal 5 den Reacht.'.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Nollaig 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BJERRE